C/2025/3166

20.6.2025

Rún maidir leis an ngné chríochach a neartú i gcur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch d'earnáil mótarfheithiclí na hEorpa

(C/2025/3166)

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS

- an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an bPlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch d'earnáil mótarfheithiclí na hEorpa ([1]);

1. Is díol sásaimh do CnaR iarrachtaí an Choimisiúin Eorpaigh tacú le haistriú na hearnála mótarfheithiclí i dtreo soghluaisteacht ghlan, digitiú, agus iomaíochas feabhsaithe tríd an bPlean Gníomhaíochta Tionsclaíoch d'earnáil mótarfheithiclí na hEorpa (an Plean Gníomhaíochta) a fhoilsiú.

2. Cuireann CnaR in iúl, d'ainneoin na hairde a tugadh ar Choiste Eorpach na Réigiún sa phróiseas comhairliúcháin, gur oth leis an easpa breithnithe a rinneadh ar an ngné chríochach sa Phlean Gníomhaíochta agus an easpa réiteach áitbhunaithe sna bearta atá beartaithe.

3. Aithníonn CnaR go ndéanfar an t-athbhreithniú ar an rialachán lena leagtar síos caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí CO_2 le haghaidh gluaisteán agus veaineanna in 2025. Aithníonn sé go bhféadfaí solúbthacht a chur ar fáil do thionscail na mótarfheithiclí trí leasú spriocdhírithe a dhéanamh ar an Rialachán, agus cuspóirí aeráide foriomlána an Aontais á saothrú an tráth céanna ar bhealach pragmatach in éineacht le beartas láidir tionsclaíoch. Measann sé, mar sin féin, nach leor an leasú sin chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim atá ann san earnáil agus chun deimhneacht rialála a chruthú.

4. Tugann CnaR rabhadh nár cheart leasuithe reachtaíochta a úsáid go rialta ar leasuithe iad sin a chuirfeadh intuarthacht i mbaol do thionscal an Aontais agus a gcuirfeadh bac ar an aistriú tionsclaíoch. Tá an baol ann go mbainfeadh na leasuithe sin buntáiste iomaíoch d'earnálacha mótarfheithiclí Eorpacha ar an margadh domhanda. Go háirithe, tá imní ar CnaR go bhféadfadh athruithe den sórt sin ár dtiomantas earnáil na ngluaisteán a leictriú agus astaíochtaí nialasacha ó ghluaisteáin agus veaineanna nua a bhaint amach faoi 2035 a chur i mbaol. Chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar na dúshláin a bheidh romhainn sa todhchaí, ní mór dúinn cloígh go láidir leis na cuspóirí a comhaontaíodh agus an ghné réigiúnach den phlean a neartú.

5. Tathantaíonn CnaR ar an gCoimisiún cur chuige níos céimsí a ghlacadh agus an neodracht theicneolaíoch mar chroíphrionsabal leis an athbhreithniú a dhéanfar ar an rialachán maidir le feidhmíocht astaíochtaí CO_2 mar a chuir an tUachtarán von der Leyen i dtábhacht agus an t-athbhreithniú sin ar an Rialachán a thabhairt chun cinn agus é a dhéanamh a luaithe is féidir.

6. Tugann CnaR dá aire freisin na srianta teicneolaíocha agus margaidh a bhaineann le feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus feithiclí tromshaothair astaíochtaí ísle a chur in úsáid. Mar sin, tathantaíonn sé ar an gCoimisiún breithniú a dhéanamh ar athbhreithniú agus solúbthachtaí a rinneadh roimhe seo sa rialachán lena socraítear caighdeáin astaíochtaí CO_2 le haghaidh feithiclí tromshaothair, mar a rinneadh maidir le gluaisteáin agus veaineanna.

7. Tugann CnaR rabhadh go gcruthódh athruithe rialála éagobhsaíocht, chuirfidís isteach ar an intuarthacht agus ar an dul chun cinn tionsclaíoch agus dá bhrí sin, bheadh an earnáil mótarfheithiclí san Eoraip faoi mhíbhuntáiste san iomaíocht.

8. Cuireann CnaR i bhfios nach ann do bheartas tionsclaíoch comhleanúnach de chuid an Aontais don earnáil mótarfheithiclí mar a cuireadh i dtábhacht i dtuarascáil Draghi ([2]). Iarrann CnaR go dtabharfaí isteach straitéis uileghabhálach Eorpach um aistriú a bheadh dírithe ar an tionscal mótarfheithiclí chun an earnáil eacnamaíoch ríthábhachtach sin a chaomhnú ar mhaithe le rathúnas agus fás an Aontais.

9. Tá CnaR ag iarraidh go ndéanfaí gléasraí cumhachta íseal-astaíochtaí a chur chun cinn go comhsheasmhach, rud lena n-áirítear cineálacha éagsúla cur chuige ó thaobh na teicneolaíochta de. Chomh maith leis an leictrea-shoghluaisteacht, ní mór tiomáint hidrigine, breoslaí sintéiseacha agus hibridí inluchtaithe a mheas i measc na roghanna coibhéiseacha chun an CO_2 a laghdú. Ba cheart go n-áiritheodh rialáil atá fabhrach don nuálaíocht gur féidir na teicneolaíochtaí uile a fhorbairt a thuilleadh faoi dhálaí a bheadh cothrom;

([1]) COM(2025) 95 final.
([2]) https://commission.europa.eu/topics/eu-competitiveness/draghi-report_en?prefLang=ga.

10. Cuireann CnaR i bhfáth go bhfuil brú méadaitheach á chur ag an iomaíocht idirnáisiúnta ar an Aontas chun a iarrachtaí a threisiú maidir le réitigh inbhuanaithe a fhorbairt in earnáil na mótarfheithiclí. Cuireann sé i bhfios go láidir go bhfuil géarghá breise agus práinneach le gníomhú mar gheall ar athruithe atá á ndéanamh ar an mbeartas geopholaitiúil agus trádála, go príomha sa chaidreamh trasatlantach. Áirítear ar an méid sin teacht ar bhreoslaí malartacha amhail ríomhbhreoslaí agus bithbhreoslaí, rud a fhágfaidh go n-éireoidh leis an aistriú sin gan iomaíochas na hearnála a chur i mbaol.

11. Is díol sásaimh do CnaR gur aithníodh na dúshláin iomadúla atá roimh na réigiúin atá ag brath ar an earnáil mótarfheithiclí, mar a leagtar amach iad sa teachtaireacht a ghabhann le foilsiú na meastóireachta meántéarma ar an mBeartas Comhtháthaithe ([3]).

12. Leagann CnaR béim ar an bhfíoras gurb é leictriú gluaisteán agus veaineanna an bealach is éifeachtaí i gcónaí chun neodracht carbóin a bhaint amach san earnáil mótarfheithiclí agus gur príomhspreagadh é freisin don iomaíochas domhanda.

Cuireann CnaR i dtreis gur gá an bonneagar athluchtúcháin a leathnú agus a fheabhsú chun cumhdach forleathan, inrochtana agus iontaofa a chomhlíonann an t-éileamh a áirithiú, agus an t-éileamh sin ag dul i méid. Leagann CnaR béim ar an tábhacht a bhaineann leis an athluchtú a dhéanamh níos inacmhainne san fhadtéarma chun tacú leis an aistriú sin.

13. Cuireann sé i bhfios, mar a léiríodh i staidéar a rinne CnaR le déanaí dar teideal *State of play and future challenges of automotive regions* [Staid na himeartha agus na dúshláin a bheidh ann amach anseo roimh réigiúin an tionscail mótarfheithiclí] ([4]), go bhfuil ról cinntitheach ag aistriú rathúil an tionscail mótarfheithiclí chun tarraingteacht fhadtéarmach na réigiún a áirithiú.

14. Tá sé á chur i bhfáth ag CnaR an tábhacht a ghabhann le ról a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha i bpleanáil agus cur chun feidhme an bhonneagair athluchtaithe agus athbhreoslaithe ar fud an Aontais agus é sin mar ghné ríthábhachtach d'iomaíochas earnáil mótarfheithiclí na hEorpa. Ar an mbonn sin, spreagfaí comhpháirtíochtaí idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach chun dlús a chur le forbairt an bhonneagair sin trí nósanna imeachta ceadaithe a shimpliú agus dreasachtaí airgeadais a chur ar fáil, agus ar an gcaoi sin rochtain chothrom agus inacmhainneacht a áirithiú.

15. Cuireann CnaR i bhfáth a thábhachtaí atá sé ról a thabhairt do réigiúin an tionscail mótarfheithiclí agus do bhraislí réigiúnacha mótarfheithiclí, agus na tuairimí agus na réitigh atá molta acu a chur san áireamh, chun aistriú cóir a bhaint amach. Ar an mbonn sin, cuireann sé i dtábhacht gur bhunaigh CnaR Comhghuaillíocht Réigiúin na nGluaisteán (ARA) chun a dtuairimí a chur chun cinn ar leibhéal an Aontais.

16. Aithnítear sa Rialachán maidir le caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí CO_2 le haghaidh gluaisteán agus veaineanna ARA mar chomhpháirtí don Choimisiún Eorpach chun aon bhearna chistiúcháin a shainaithint d'fhonn aistriú cóir a áirithiú sna réigiúin is mó dá ndéantar difear mar gheall ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach.

17. Is díol sásaimh do CnaR an staidéar a rinne an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE) le déanaí maidir le slabhraí luacha mótarfheithiclí ([5]) ina gcuirtear i dtábhacht an ról lárnach atá ag na réigiúin maidir le hinfheistíocht dhíreach choigríche (IDC) agus naisc a mhealladh chuig FBManna. Cuireann sé i bhfios go bhfuil réigiúin an tionscail mótarfheithiclí agus braislí réigiúnacha mótarfheithiclí ag soláthar réiteach amhail tacaíocht shóisialta agus deiseanna oiliúna d'oibrithe, tacaíocht d'éiceachórais nuálaíochta, agus múnlú beartas tionsclaíoch agus soghluaisteachta réamhbhreathnaitheach.

18. Cuireann CnaR in iúl gur díol sásaimh dó an plean atá ag an gCoimisiún Eorpach maidir le Comhghuaillíocht Eorpach um Fheithiclí Nasctha Uathrialaitheacha a chur ar bun. Is é an aidhm atá ann dul chun cinn a dhéanamh maidir le forbairt agus táirgeadh comhpháirteanna crua-earraí agus bogearraí le haghaidh tiomáint nasctha agus uathrialaitheach, agus, ar an gcaoi sin, iomaíochas agus athléimneacht na hEorpa a áirithiú. Iarrann CnaR ar an gCoimisiún Eorpach an taithí agus na hábhair imní a bhaineann leis an leibhéal réigiúnach a chur san áireamh agus creat rialála cuimsitheach d'fheithiclí uathrialaitheacha á tharraingt suas aige.

19. Meabhraíonn CnaR go n-aithnítear sa Nóta Eacnamaíoch ón gCoimisiún maidir le 'Mapping the impact of industrial decline on European regions' ([6]) an ról tábhachtach a ghabhann le Comhghuaillíocht Réigiúin an Tionscail Mótarfheithiclí a mhéid a bhaineann le tionchar an mheatha thionsclaíoch ar fud na réigiún gluaisteán a shainaithint agus go bhfuil ábhartha a mhéid a bhaineann le cinntí beartais feasacha a ghlacadh faoin áit ar cheart cistí an Aontais a leithdháileadh.

([3]) *A modernised Cohesion policy: The mid-term review. COM(2025) 163 final.*
([4]) *State of play and future challenges of automotive regions* [Staid na himeartha agus na dúshláin a bheidh ann amach anseo i réigiúin an tionscail mótarfheithiclí], staidéar ó CnaR.
([5]) Páipéir ó ECFE maidir le FBManna agus Fiontraíocht dar teideal *The future of the automotive value chain — Implications for FDI-SME linkages* [Todhchaí an tslabhra luacha mótarfheithiclí — Impleachtaí ar naisc idir IDC agus FBManna].
([6]) https://single-market-economy.ec.europa.eu/publications/mapping-impact-industrial-decline-european-regions_en.

20. Tarraingíonn CnaR aird ar an bhfíoras gur mór an ról atá ag an tionscal déantúsaíochta i roinnt Ballstát agus é cruinnithe le chéile i réigiúin áirithe, áit a n-imríonn cóimeáil gluaisteán agus an slabhra soláthair iomlán ról ríthábhachtach don fhás eacnamaíoch ós rud é go soláthraítear poist agus infheistíocht in T&F leis. Cuireann CnaR i dtábhacht nach leis na réigiúin ina ndéantar gluaisteáin a chóimeáil amháin a bhaineann an tionchar, ach gur minic a dhéantar difear níos mó do na réigiúin ina bhfuil saoráidí fotháirgthe de chuid an tionscail soláthair mótarfheithiclí.

21. Iarrann sé go méadófaí an cistiú don aistriú cóir ar fud an chéad bhuiséid fhadtéarmaigh eile a bheidh ag an Aontas, go háirithe trí bheartas comhtháthaithe neartaithe chun aghaidh a thabhairt ar na héagothromaíochtaí réigiúnacha atá ann cheana agus chun réitigh áitbhunaithe a chur chun cinn. Ba cheart é sin a dhéanamh chun a áirithiú go gcuirfear an tacaíocht in oiriúint do riachtanais shonracha gach réigiúin, go háirithe na réigiúin sin a ndéantar an difear is mó dóibh mar gheall ar an aistriú chuig an aeráidneodracht.

22. Iarrann sé go dtabharfaí tuilleadh tacaíochta d'éiceachórais nuálaíochta réigiúnacha, go háirithe trí straitéisí um speisialtóireacht chliste agus gníomhaíochta tiomnaithe chun comhar idir-réigiúnach a chur chun cinn idir réigiúin an tionscail mótarfheithiclí feadh an tslabhra luacha.

23. Iarrann CnaR go ndéanfaí ceannach comhpháirteanna a fhaightear go háitiúil a chur chun cinn chun astaíochtaí CO_2 agus an lorg carbóin a laghdú. Iarrann sé freisin go spreagfaí ionstraimí tacaíochta eacnamaíche le haghaidh gnólachtaí chun critéir mheastóireachta a chur san áireamh lena gcuirtear chun cinn comhpháirteanna a cheannach ó sholáthraithe laistigh den Aontas.

24. Tá CnaR ag iarraidh ní hamháin go ndéanfaí an reachtaíocht a shimpliú, ach go n-athrófaí freisin na ceanglais státchabhrach san earnáil ar mhaithe le hinfheistíochtaí ó thaobh na hearnála mótarfheithiclí Eorpaí de a spreagadh agus a mhéadú.

25. Measann CnaR go bhfuil sé ríthábhachtach cláir chuimsitheacha um uas-sciliú agus athsciliú a chur chun feidhme chun scileanna agus saineolas an lucht saothair mótarfheithiclí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a neartú. Ba cheart na tionscnaimh sin a shaincheapadh chun freastal ar éilimh athraitheacha an tionscail mótarfheithiclí, chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais sa lucht saothair, agus chun oiriúnú do na dúshláin a bhaineann le lucht saothair atá ag dul in aois. Ar an mbonn sin, a mhéid a bhaineann le hearnáil cothabhála agus deisithe na bhfeithiclí, tá baol ann go dtiocfaidh laghdú suntasach struchtúrach air mar gheall ar an aistriú teicneolaíoch.

26. Cuireann sé i bhfios go láidir a thábhachtaí atá taighde agus forbairt d'iomaíochas thionscal na mótarfheithiclí amach anseo. Dá bhrí sin, iarrann sé gcuirfí borradh faoin maoiniú a chuireann an tAontas ar fáil do thaighde bunúsach agus ceannródaíoch.

27. Iarrann CnaR go gcruthófaí idirphlé críochach maidir le haistriú cóir bunaithe ar chomhpháirtíochtaí láidre idir comhpháirtithe sóisialta agus údaráis phoiblí ar gach leibhéal rialachais agus é mar chuspóir aige sin teacht ar réitigh áitbhunaithe.

28. Iarrann sé go gcruthófaí idirphlé cur chun feidhme le réigiúin an tionscail mótarfheithiclí, arb é is aidhm dó ardán struchtúrtha a bhunú ionas go mbeidh réigiúin an tionscail mótarfheithiclí agus braislí réigiúnacha mótarfheithiclí in ann malartuithe a reáchtáil leis an gCoimisiún maidir le dea-chleachtas agus rannchuidiú le bearta an Phlean Gníomhaíochta.

29. Cuireann CnaR i bhfios go láidir go bhfuil sé, in éineacht leComhghuaillíocht Réigiún na nGluaisteán (ARA) in CnaR agus na naisc atá ag an gCoiste le hobair Chomhaontais na Scileanna Gluaisteán (ASA) agus Chomhghuaillíocht Eorpach na Réigiún Leathsheoltóirí (ESRA), réidh chun na malartuithe leis an gCoimisiún maidir le cur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta sin le heolas áitiúil agus réigiúnach a éascú, chun aistriú cothrom agus cuimsitheach na hearnála mótarfheithiclí a áirithiú chomh maith le cuspóirí comhpháirteacha a shaothrú agus úinéireacht a chruthú faoin Idirphlé Straitéiseach maidir le Todhchaí an Tionscail Mótarfheithiclí.

An Bhruiséil, an 3 Aibreán 2025.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún
Kata TÜTTŐ